

Cuntas Leithreasa 2017

Vóta 19

Oifig an Ombudsman

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh den tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar na tuarastail agus na speansais a thabhaigh Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana.

Dlítear barrachas €2.03 milliún a thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Oifig an Ombudsman córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Stiúrthóir. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht athabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí chomhroinnte a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí roinnte don Oifig seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta, iniúchadh inmheánach agus bainistíocht riosca:

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Baineann an Oifig úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear na scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasáíochta a theastaíonn uathu, i measc nithe eile. Ina dhiaidh sin, déantar an oiliúint a theastaíonn a eagrú nó a fhoinsiú, de réir mar is cuí.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- Córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig. Bíonn bainistíocht riosca ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí do phróisis straitéiseacha agus ghnó na hOifige. Is trí chláir rioscaí, trí phleananna straitéiseacha agus gnó agus trí spriocanna aonair CBFF a chuirtear an obair sin i gcrích.
- Córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú. Is i bhfeidhm ag an Oifig atá cruae-earraí agus bogearraí nua-aimseartha deisce ríomhaire, atá ar fáil don fhoireann ar fad. Is i bhfeidhm freisin atá freastalaithe, líonraí agus córais agus saoráidí cultaca agus balla dóiteáin. Is deimhin liom go bhfuil ár gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach.
- Treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíocht tionscadal.

Cinntíonn an Oifig go mbíonn fócas cuí ann ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Oifig na treoirínte sa bhliain 2017.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Deimhním go bhfuil ag an Oifig feidhm iniúcháireachta inmheánaí lena mbaineann pearsanra ag a bhfuil an oiliúint chuí. Oibríonn an t-aonad iniúcháireachta inmheánaí faoi chairt a formheasadh sa bhliain 2016. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Is é aidhm na bpleananna sin na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaitnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Oifig. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Déanann an Lucht Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus leagtar freagracht ann ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Lucht Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann sí eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Níor sainaitníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i dtaca leis an mbliain 2017 a bhí mar chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le cailteanas ábhartha.

Jacqui McCrum

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

22 Meitheamh 2018

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú)1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An bonn faoi mo thuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ombudsman agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2018

Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Cuntas Leithreasa 2017

		2017	2016
		Soláthar mheastacháin	Toradh
		€000	€000
Caiteachas clár			
A	Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	5,912	4,819
B	An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí	2,061	1,499
C	Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil	2,887	2,090
Ollchaiteachas		10,860	8,408
<i>Bain as</i>			
D	Leithreasaí-i-gcabhair	325	302
Glanchaiteachas		10,535	8,106

Barrachas

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid fheidhmithe faoi dhliteanas a thabhairt suas don Stáitchiste.

	2017	2016
	€	€
Barrachas le tabhairt suas	2,029,395	1,632,379

Jacqui McCrum

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

22 Meitheamh 2018

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

	2017	2016
	€000	€000
Pá	6,675	6,372
Neamhphá	2,245	2,036
Ollchaiteachas	8,920	8,408
<i>Bain as</i>		
Leithreasáí-i- gcabhair	414	302
Glanchaiteachas	8,506	8,106
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin airgead tirim	(604)	
Dímheas	396	
Caillteanas ar dhiúscairt	—	
	(208)	(427)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	8	
Laghdú ar stoc	2	
	10	37
Caiteachas díreach	8,308	7,716
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	2,329	2,057
Glanhostas clár	10,637	9,773

1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 19 a iompraíodh in áiteanna eile.

	2017	2016
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	23	23
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,137	848
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	1,155	1,174
Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	14	12
	2,329	2,057

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	1,064	840
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	552	207
Stoic		11	13
Réamhíocaíochtaí		102	97
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	51	35
Iomlán na sócmhainní reatha		716	352
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		79	66
Glanmhaoiniú Státhiste dlite	2.6	280	(86)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	323	328
Iomlán na ndlíteanas reatha		682	308
Glansócmhainní reatha		34	44
Glansócmhainní		1,098	884
Ionadaithe ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.1	1,098	884

2.1 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		884	489
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar mheastacháin	Cuntas	10,535	
Barrachas le tabhairt suas	Cuntas	(2,029)	
Glanvóta		8,506	8,106
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1	2,329	2,057
Ceannacháin - coigeartú airgid thirim	2.2	16	5
Glanchoistas clár	1	(10,637)	(9,773)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		1,098	884

2.2 Sócmhainní caipitil^a

	Trealamh TF	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017	1,344	129	437	92	2,002
Breiseanna	311	4	—	289	604
Coigeartú ^b	—	—	—	16	16
Curtha in úsáid	222	—	—	(222)	—
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017	1,877	133	437	175	2,622
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017	645	108	409	—	1,162
Dímheas don bhliain	378	6	12	—	396
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017	1,023	114	421	—	1,558
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017	854	19	16	175	1,064
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016	699	21	28	92	840

^a Táthar ag déanamh mórinfheistíocht leanúnach i mbonneagar TF, lena n-áirítear sna nithe seo a leanas:

- Córas Bainistíochta Doiciméad a thabhairt isteach le haghaidh taifid a ríomhchomhdú.
- Córas Casbhainistíochta lena mbainisteofar doiciméid, próisis, sreabhadh oibre agus ceanglais tuairiscithe le haghaidh cineálacha éagsúla cásanna. Táthar ag súil go gcuirfidh an méid sin ar fad feabhas ar thréachur agus ar cháilíocht na cásaire agus ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil dár gcustaiméirí, le cuidiú ó Chóras Cásbhainistíochta nua feabhsaithe
- Suíomhanna Gréasáin - Cuireadh suíomh Gréasáin Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus suíomh Gréasáin Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil i gcrích sa bhliain 2017. Rinneadh réamhoibreacha ar shuíomh Gréasáin an Ombudsman agus ar shuíomh Gréasáin Health Complaints.

^b Coigeartaíodh an figiúr le haghaidh Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt don bhliain 2016 trí €16,000 chun cur san áireamh a dhéanamh ar shuimeanna CBL Sceideal 4 nár cuireadh ar áireamh sna figiúirí le haghaidh Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt don bhliain 2016.

2.3 Banc agus airgead tirim

ag 31 Nollaig	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid PMG agus airgead tirim	549	207
Iarmhéid Cuntas Baint Thráchtála	3	—
	552	207

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag 31 Nollaig	2017 €000	2016 €000
Iarmhéideanna dochair eile	51	35

2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	151	147
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	68	65
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla	32	46
Ranníocaíochtaí pinsin	28	26
	279	284
Asbhaintí párolla atá á gcoimeád ar fionraí	39	39
Míreanna sochair eile: fionraí	5	5
	323	328

2.6 Glanmhaoiniú Státchiste dlite

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Barrachas le tabhairt suas	2,029	1,632
Deontas Státchiste neamhtharraingthe	(1,749)	(1,718)
Glanmhaoiniú Státchiste dlite	280	(86)
Ionadaithe ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	552	207
Iarmhéideanna dochair: fionraí	51	35
	603	242
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(279)	(284)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(44)	(44)
	(323)	(328)
	280	(86)

2.7 Ceangaltais

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	99	96

2.8 Dlíteanais theagmhasacha

Tá an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí faoi dhliteanas i leith íoc as cuid de chostais dlí duine aonair a eascraíonn as cás athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Tá achomharc in aghaidh na gcostas sin le héisteacht ag an Máistir Fómhais ar ball.

Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fo-mhírchinn

Anailís ar Chaiteachas Riaracháin

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000). Leithroinneadh caiteachas riaracháin ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána chlár a chur i láthair.

		2017		2016
		Soláthar meas-tacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastal, pá agus liúntais	7,956	6,675	6,372
ii	Taisteal agus cothú	48	50	47
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	407	357	444
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	39	39	33
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	360	761	687
vi	Costais áitreabh oifige	132	114	123
vii	Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais	1,368	409	383
viii	Táillí dlí	540	515	319
ix	An Coimisiún Reifrinn	10	—	—
		10,860	8,920	8,408

Athrúcháin shuntasacha

i Tuarastal, pá agus liúntais

Soláthar mheastacháin: €7.956 milliún, toradh: €6.675 milliún

Ba é an laghdú € 1.281 milliún ar chaiteachas, pá, tuarastail agus liúntais a bhí mar gheall ar moill ar fhóilúntais a líonadh a cruthaíodh ó 17% den fhoireann ag fágáil go príomha trí chur chun cinn agus deiseanna a ghlacadh san earnáil phríobháideach agus le poist nua a cruthaíodh i 2017 a líonadh.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar mheastacháin: €0.360 milliún, toradh: €0.761 milliún

Bhí an méadú de € 0.401 milliún ar chaiteachas ar innealra oifige agus soláthairtí oifige eile mar gheall ar an gceannach crua-earraí agus bogearraí a luathaíodh mar chuid de nuachóiriú leanúnach córais TF lena n-áirítear freastalaithe nua, trealamh líonra agus ríomhairí pearsanta.

vii Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais

Soláthar meastacháin: €1.368 milliún toradh: €0.409 milliún

Ba mar thoradh ar an méid seo a leanas a bhí an laghdú €0.959 milliún ar chaiteachas ar sheirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais:

- moilleanna ar chur i bhfeidhm an chórais rianaithe cásanna, rud a moillíodh ar fheithreamh thabhairt chun críche an chórais bhainistíochta doiciméad
- bhí fóilúntais leanúnacha foirne agus deacrachtaí i dtaca le baill foirne TF a earcú ina gcúis le moilleanna.

Clár A Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

		2017		2016
		Soláthar mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá	4,812	4,213	4,061
A.2	Riarachán - neamhphá	1,100	896	758
		5,912	5,109	4,819

Clár B An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

		2017		2016
		Soláthar mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán - pá	1,347	917	766
B.2	Riarachán - neamhphá	714	583	733
		2,061	1,500	1,499

Clár C Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

		2017		2016
		Soláthar mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán - pá	1,797	1,545	1,545
C.2	Riarachán - neamhphá	1,090	766	545
		2,887	2,311	2,090

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2017	2016
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1	Ilghnéitheach	5	13
2	Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí	320	289
	325	414	302

Athrúcháin shuntasacha

San iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €89,000 níos mó ná an meastachán.

Tá míniúcháin ar na hathrúcháin leagtha amach thíos:

1 Fáltais Ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin: €5,000, toradh: €129,000

B'ionann na fáltais bhreise de €124,000 de bharr fáltais de €85,600 faoi alt 21 den Acht um Rialáil Lochaíochta 2015. Íocann brústocairí cláraithe a dteipeann orthu tuairisceáin ráithiúla a dhéanamh mar a cheanglaítear fineálacha Fógra Lochaíochta Seasta is fiú €200 sa ráithe.

4.2 Fáltais Bhreise le híoch leis an Státchiste

Fuair Oifig an Choimisinéara Faisnéise suim €40,000 sa bhliain 2017 mar shocrú do na costais a thabhaigh Oifig an Choimisinéara Faisnéise i gcás Ard-Chúirte. Cuireadh an méid iomlán isteach sa Státchiste i 2017.

Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

5.1 Líon fostaithe

	2017	2016
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	120	117

5.2 Pá

	2017 €000	2016 €000
Pá	6,227	5,949
Liúntas i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	21	22
Ragobair	11	23
ÁSPC Fostóra	416	378
Pá iomlán	6,675	6,372

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	íocaíochtaí aonair is airde	íocaíochtaí aonair is airde
			2017 €	2016 €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	4	1	11,573	10,913
Ragobair agus freastal breise	15	—	4,198	3,452
Luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin	3	—	8,891	5,394

5.4 Ró-íocaíochtaí tuarastail

B'ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €10,641 (13 dhuine aonair) (2016: €9,877 (9 dhuine aonair)). Tá plean aisghabhála i bhfeidhm chun €6,780 (7 dhuine aonair) den tsuim sin a aisghabháil.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Aisghabháil costas dlí

Dámhadh costais i bhfabhar an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí i dtaca leis an gcosaint rathúil i gcás athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscain duine a bhí ina chomhairleoir contae ag an am in aghaidh an Choimisiúin maidir le himscrúdú a bhí á dhéanamh.

Comhaontaíodh suim €153,144 leis an Máistir Fómhais ina leith sin. Tá iarrachtaí á ndéanamh na costais sin a aisghabháil.
